Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Nollaig 2023**
**(OR. en)**

**16206/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0413(COD)**

**ENV 1426**
**FORETS 201**
**AGRI 770**
**AGRILEG 323**
**CODEC 2345**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 16086/23 + ADD 1 - COM(2023) 728 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán maidir le creat faireacháin le haghaidh foraoisí Eorpacha seasmhacha<br>– Cur i láthair ón gCoimisiún<br>– Díospóireacht bheartais |

1. An 22 Samhain 2023, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán maidir le creat faireacháin le haghaidh foraoisí Eorpacha seasmhacha. Is é is aidhm don togra creat breathnóireachta foraoise a bhunú ó cheann ceann an Aontais Eorpaigh lena gcuirfear faisnéis ar fáil faoin riocht ina bhfuil foraoisí san Aontas agus faoin gcaoi a ndéantar iad a bhainistiú, agus faoin iliomad táirgí agus seirbhísí éiceachórais a sholáthraíonn foraoisí.

2. Chuir an Coimisiún a thogra reachtach, agus an measúnú tionchair a ghabhann leis, faoi bhráid na Meithle um an gComhshaol an 1 Nollaig 2023 agus faoi bhráid na Meithle um Fhoraoiseacht an 5 Nollaig 2023.

3. Chun treoir a thabhairt don díospóireacht maidir leis an togra reachtach thuasluaite ag an gcéad chruinniú eile a bheidh ag an gComhairle (Comhshaol) an 18 Nollaig 2023, d'ullmhaigh an Uachtaránacht nóta cúlra ina bhfuil trí cheist, a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe na ceisteanna ón Uachtaránacht a thabhairt dá aire, agus iad a chur ar aghaidh chuig an gComhairle le haghaidh na díospóireachta beartais thuasluaite.

**IARSCRÍBHINN**

**Togra le haghaidh Rialachán maidir le creat faireacháin le haghaidh foraoisí Eorpacha seasmhacha**

**- Nóta ón Uachtaránacht -**

An 22 Samhain 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán maidir le creat faireacháin le haghaidh foraoisí Eorpacha seasmhacha. Is é atá sa togra seo príomhthionscnamh reachtach de 'Straitéis Foraoiseachta nua an Aontais le haghaidh 2030', a foilsíodh in 2021.

Is é príomhchuspóir an togra feabhas a chur ar an bhfaisnéis atá ar fáil maidir le foraoisí na hEorpa, lena n-áiritheofar tráthúlacht, cruinneas, comhsheasmhacht, trédhearcacht, inchomparáideacht agus iomláine na sonraí foraoise laistigh den Aontas, agus inrochtaineacht phoiblí na sonraí sin.

Trí fhaisnéis faoi fhoraoisí a bhailiú agus a dhéanamh inrochtana, is é is aidhm don togra tacú le cur chun feidhme reachtaíocht agus bheartais an Aontais a bhaineann le caomhnú, athchóiriú agus úsáid inbhuanaithe éiceachóras foraoise agus a gcuid seirbhísí.

Chuige sin, bunaítear leis an togra córas bailithe sonraí foraoise arna bhainistiú ag an gCoimisiún Eorpach, ina mbeadh ocht mbuntáscaire foraoise. Gheofar na sonraí sin trí úsáid a bhaint as cianbhraiteacht, go háirithe trí chlár Copernicus.

Ina theannta sin, bheadh ar na Ballstáit rannchuidiú leis an bpróiseas sin trí shonraí nuashonraithe a sholáthar maidir le 14 tháscaire foraoise. Gheofar na sonraí comhlántacha sin trí mheascán de shuirbhéanna ar an talamh, faire na cruinne agus foinsí eile faisnéise.

De réir an togra, táthar ag súil go n-oibreoidh na Ballstáit agus an Coimisiún Eorpach i gcomhar le chéile chun feabhas a chur ar cháilíocht, ar thráthúlacht agus ar chumhdach na sonraí foraoise agus go ndéanfaidh siad a gcuid iarrachtaí a chomhordú. Chuige sin, féadfar struchtúir réigiúnacha um chomhar institiúideach atá ann cheana a úsáid.

Mar fhreagairt ar an bhfógra maidir leis an togra seo i Straitéis Foraoiseachta nua an Aontais le haghaidh 2030, moladh sna Conclúidí ón gComhairle a glacadh i mí na Samhna 2021 go mbainfí úsáid as na próisis idirnáisiúnta faireacháin agus tuairiscithe atá ann cheana, mar aon le húsáid a bhaint as sainmhínithe agus táscairí atá ann cheana a forbraíodh i bpróisis idirnáisiúnta agus réigiúnacha, in Forest Europe mar shampla. Anuas air sin, meabhraíodh do na Ballstáit gur cheart, maidir le sonraí a bhailiú, a phróiseáil, a thuairisciú agus a léiriú, an úsáid is fearr agus is éifeachtaí a bhaint as na fardail náisiúnta foraoise atá ann cheana agus as comhar idirnáisiúnta a cuireadh ar bun faoin Líonra Eorpach um Fhardal Náisiúnta Foraoise (ENFIN) cuir i gcás.

<u>Ceisteanna don díospóireacht bheartais</u>

I bhfianaise a bhfuil sa togra agus chun treoir a thabhairt don chéad chaibidlíocht laistigh den Chomhairle, iarrtar ar na hairí seisiún tuairimíochta a bheith acu maidir leis na ceisteanna seo a leanas:

– *An measann tú go gcumhdaítear leis an togra na gnéithe uile is gá chun córas éifeachtach faireacháin ar fhoraoisí a bhunú chun seasmhacht foraoisí i gcoinne rioscaí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a áirithiú?*

– *I do thuairim, cé na gnéithe den chreat faireacháin foraoise atá beartaithe a bheidh níos tairbhiúla chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sonraí foraoise atá ann faoi láthair?*

– *Conas is féidir linn feabhas a chur ar chostéifeachtacht an togra seo, chun a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta a éascú?*

<u>*Am labhartha: 3 nóiméad in aghaidh an Bhallstáit.*</u>